*Cill Chiaráin, Conamara, Co. na Gaillimhe.*

***Suíomh:*** *www.scoilnaomhciaran.com*

***Ríomhphost:*** *scoilnaomhciaran@gmail.com*

***Fón Scoile:*** *086 302 4158*

***Oifig:*** *095 33613*


## Obair Bhaile & Duillíní Cheadaithe

A Chairde,

Tá muid sa seachtain dheireanach de Mhí Meán Fómhair agus ba mhaith liom léirmheas a thabhairt dhaoibh ar shocrúcháin obair bhaile don bhliain amach romhainn, ag luí le dea-chleachtais sláinte maidir le COVID-19. Ar ndóigh, is féidir go dtiocfadh athrú ar na socruithe seo, ag brath ar threoir an Rialtais agus mian an mhúinteora.

### Class Dojo & SeeSaw

Tá muid ag úsáid "Class Dojo" i Rang Éabha, agus "SeeSaw" i Rang Cháit i mbliana. Is córas cumarsáide idir scoil / baile iad na hAipeanna seo. Is córas pointí ranga é Class Dojo, agus faigheann na gasúir pointe nuair atá obair mhaith á dhéanamh / gaeilge mhaith á labhairt acu. Tugadh cuireadh do thuismitheoirí na mBunranganna cuntas Class Dojo a oscailt. Tá SeeSaw á chur ag obair cheana féin i Rang Cháit.

Tá Class Dojo & SeeSaw príobháideach, agus ní bheidh cead ag aon duine isteach ar chuntas Class Dojo/ SeeSaw seachas an múinteoir agus tuismitheoirí an ranga. Le bhur dtoil, sínigh an foirm toilithe ag bun na nuachtlitreach seo. Is féidir pictiúr a thógáil de agus é chur ag WhatsApp na scoile nó ag ríomhpost scoilnaomhciaran@gmail.com.

### Málaí Scoile

Tá laghdú á dhéanamh ar an méid rudaí / earraí pearsanta atá ag dul idir an scoil / baile. Mar sin, seo iad na rudaí a bheidh sna málaí ag na gasúir as seo amach:

1. Bosca lóin & deoch
2. Dialann Obair Bhaile
3. Cóipleabhar/Fillteán Obair Bhaile * (gach Luain & Aoine amháin)
4. Leabhar léitheoireachta Béarla / Gaeilge **

### Fillteán Obair Bhaile * (Naíonáin Bheaga)

Sa bhfillteán seo, beidh cóipleabhar obair bhaile, leabhar beag mata, leabhra léitheoireachta agus focla/ fuaimeanna nua atá le foghlaim ag na gasúir. Cuirfidh mise sa mála scoile é Dé Luain, agus baileoidh mé iad gach maidin Dé hAoine le haghaidh ceartúcháin a dhéanamh. Ansin, cuirfidh mé i mbosca coraintíne iad ar feadh an deireadh seachtaine, agus rachaidh siad abhaile arís ar An Luain. Bí ag faire amach dóibh sna málaí scoile!

### Cóipleabhar Obair Bhaile * (Rang a 1 - 6)

Beidh cóipleabhar crua á fháil ag na gasúir Dé Luain seo chugainn, 29ú Meán Fómhair. Tabharfaidh siad abhaile Dé Luain é, agus **fágtar an leabhar sin sa mbaile** ar feadh na seachtaine. Déanfaidh na gasúir a gcuid obair bhaile uilig isteach ann chuile thráthnóna tar éis na scoile. Beidh siad ag fáil obair bhaile scríofa (litriú, abairtí, scéilíní, aistí, altanna, táblaí) agus is féidir é seo ar fad a dhéanamh sa chóipleabhar céanna.

***Le meabhrú ag na gasúir!*** Déan cinnte go bhfuil an cóipleabhar obair bhaile sna málaí scoile tráthnóna Déardaoin tar éis an obair bhaile, mar beidh an múinteoir á mbailiú maidin Dé hAoine. Ceartófar iad Dé hAoine agus cuirfear i mbosca coraintíne iad ar feadh na deireadh seachtaine. Ansin, tabharfar amach arís iad an Luain dár gcionn. ☺

## Leabhar léitheoireachta Béarla / Gaeilge **

Faigheann na gasúir leabhra léitheoireachta don obair bhaile. Cuirfear na leabhra atá léite i mbosca coraintíne sa seomra ranga nuair a thagann siad ar ais ar scoil. Déantar an rud céanna le leabhra leabharlainne a léitear sa seomra ranga le linn an lae.

## Obair Bhaile Gníomhach

Ag tosú i Mí Deireadh Fómhair, beidh obair bhaile gníomhach corp oideachais, chomh maith le léamh/ litriú/ scríbhneoireacht. Beidh muid ag cur eolas abhaile faoin obair seo ar Class Dojo agus sa dialann obair bhaile.

## Uair sa gcoicís: Tráthnóna Chruthaitheach

Tá sé mar aidhm againn i mbliana an meabhairshláinte, folláine coirp, sonas an tsaoil agus féinmhuinín a chur chun cinn. In áit obair bhaile ar an dara Déardaoin de chuile mhí, beidh tráthnóna chruthaitheach teaghlaigh sa mbaile. Is féidir libh pictiúir a chur suas ar Class Dojo nó SeeSaw de na gníomhaíochtaí dheasa atá ar siúl agaibh sa mbaile.

Mar shampla: ag bácáil, cluichí boird, siúlóid clainne/cairde, cuairt ar an leabharlann, (ag brath ar chúinsí sláinte poiblí) tráthnóna spóirt & spraoi taobh amuigh, ag foghlaim scileanna nua ar nós cniotáil/ ceol/ ealaín/ spóirt, ag cabhrú le jabanna beaga timpeall an tí. (Níl cead an teilifís ná físchluichí mar chuid den tráthnóna seo!) Feicfidh sibh ar fhéilire na scoilbliana anseo thíos go bhfuil dath buí ar na dátaí a bheidh an Tráthnóna Chruthaitheach sa mbaile.

## Duillíní Cheadaithe

Le bhur dtoil, léigh agus sínigh na duillíní cheadaithe thíos, agus seol ar ais ar scoil tríd WhatsApp nó ríomhphost na scoile, *scoilnaomhciaran@gmail.com.* Teastaíonn bhur gcead i dtaobh ábhar bainteach le teicneolaíocht.

Le gach dea-ghuí,

Éabha Ní Chualáin, Príomhoide.

**Grianghraifeanna do dhaltaí**

Tá bunachar sonraí do ghriangraifeanna ag an scoil atá tógtha ag imeachtaí thar na mblianta. Tá sé mar nós anois i mórán gach scoil grianghraifeanna a thógáil agus na páistí i mbun oibre agus ag glacadh páirt i ngníomhachtaí éagsúla, mar chuntais ar saol agus stair na scoile. D'fhéadfadh na grianghraifeanna a thógtar a bheith ar suíomh idirlíne na scoile, bliainiris, nuachtlitreacha, páipéir nuachta áitúil agus náisiúnach agus ábhar gaolta leis an scoil nach iad. Maidir le na griangraifeanna a bheith ar an suíomh idirlíne, ní bheidh ainmneacha in aice na pictúir. Mura bhfuil tú ag iarradh griangraif do pháiste a bheith ar an suíomh idirlíne, bliainiris, nuachtlitreacha, páipéir nuachta áitúil agus náisiúnach agus ábhar gaolta leis an scoil nach iad ag aon am, ní mhór duit scéala a chuir ag an bpríomhoide i scríbhinn.

**Cead:** Má tá tú sásta grianghraif do pháiste a bheith in úsáid mar chuid de chuntais na scoile ar na suíomhanna thuas luaite cuir tic sa bhosca seo ☐

**Sínithe:** ________________________________ **Dáta:** ____ / ____ / ____

**Sínithe:** ________________________________ **Dáta:** ____ / ____ / ____

\>\>\>\>\>\>\>\>\>\>\>\>\>\>\>\>\>\>\>\>\>\>\>\>\>\>\>\>\>\>\>\>\>\>\>\>\>\>\>\>\>\>\>\>\>\>\>\>\>\>\>\>\>\>\>\>\>\>\>\>\>\>\>\>\>\>\>\>\>\>\>\>\>\>\>\>

**Class Dojo & SeeSaw**

Tuigim go ndéanfaidh an scoil cumarsáid liom trí mheán Class Dojo & SeeSaw, agus tá cead ag mo pháiste obair bhaile a uaslódáil faoi mo chúram.

**Sínithe:** ________________________________ **Dáta:** ____ / ____ / ____

**Sínithe:** ________________________________ **Dáta:** ____ / ____ / ____

\>\>\>\>\>\>\>\>\>\>\>\>\>\>\>\>\>\>\>\>\>\>\>\>\>\>\>\>\>\>\>\>\>\>\>\>\>\>\>\>\>\>\>\>\>\>\>\>\>\>\>\>\>\>\>\>\>\>\>\>\>\>\>\>\>\>\>\>\>\>\>\>\>\>\>\>

**Duillín Cheadaithe úsáid an Idirlíon ar scoil**

Tugaim cead do mo pháiste an idirlíon a úsáid ar scoil. Tuigim gur le úsáid oideachasúil amháin a bhíonn an idirlíon á úsáid i Scoil Naomh Ciarán. Tá chuile réamhchúram tógtha ag Scoil Naomh Ciarán le cinntiú go mbeidh na páistí sábhailte agus iad ag úsáid an idirlíon. Glacaim le mo chúraim féin maidir le oideachas a chuir ar mo pháiste i dtaobh Freagracht agus Sábháilteacht an Idirlíon.

Cloíghim le na réamhchúraim atá thuasluaite. Níl cead ag na gasúir ábhar a chuardú ar líne nach pléadh leis an múinteoir. Déanann an múinteoir maoirseacht ar na gasúir agus iad ar an ríomhaire, agus déantar gach iarracht cuardaithe mí-oiriúnacha a stopadh láthaireach.

**Sínithe:** ________________________________ **Dáta:** ____ / ____ / ____

**Sínithe:** ________________________________ **Dáta:** ____ / ____ / ____